POLASAÍ GAEILGE

Meánscoil lánghaelach, idirchreidmheach is ea Meánscoil Gharman. Tá fealsúnacht na scoile bunaithe ar luachanna a spreagfaidh agus a neartóidh an ghaeilge i measc comhluadar na scoile. Tá an fealsúnacht Críostúil, cairdiúil, aireach, tacúil, measúil, spreagúil, fáilteach, cuidiúil agus tuisceanach agus iarrann sé ar phobal na scoile a bheith rannpháirteach i saol cultúrtha, sóisialta agus acadúil na scoile trí mheán na gaeilge.

Scoil Lánghaeilge

(a) Is scoil Lánghaeilge í an Ghaelscoil arb í an Ghaeilge -

- teanga 1 na scoile
- teanga ghnó agus chumarsáide na scoile
- teanga theagaisc agus fhoghlamtha i ngach ábhar seachas Béarla
- teanga chaidrimh idir na múinteoirí iad féin
- teanga chaidrimh idir na daltaí iad féin agus i ngach rud a bhaineann le saol na scoile taobh istigh nó taobh amuigh den scoil

(b) Labhrófar an Ghaeilge i gcónaí sa scoil, sa chlós, ar thurasanna scoile agus le linn imeachtaí iarscoile.

(c) Is cuid lárnach de chód iompair na scoile labhairt na gaeilge. **Is trí mhealladh agus spreagadh an tslí is fearr chun an Ghaeilge a chur chun cinn - mealladh, moladh, duaiseanna, turas scoile breise, am spraoi breise.** I gcásanna nach n-eiríonn leis seo cuirfear i bhfeidhm na céimeanna atá leagtha síos i bpointe 4 faoi Daltaí.

Ról na Múinteoirí

1. Múintear gach ábhar ar chlár na scoile, seachas Béarla, trí mheán na Gaeilge.
2. Is trí mheán na Gaeilge amháin a thabharfar gach míniú, soiléiriú agus sainmhíniú focal, téarmaí agus rl i ngach ábhar ach amháin i gcás an Bhéarla.
3. Is trí dhea-sampla agus trí dhea-chleachtas a ghlacfaidh na daltaí le polasaí na Gaeilge sa Ghaelscoil. Mar sin, beidh múinteoirí agus foireann uile na scoile le cloisint ag úsáid na Gaeilge i ngach gné den lá scoile taobh istigh agus taobh amuigh den seomra ranga, eatarthu féin, le páistí agus le haon duine fásta eile a thagann chun na scoile.
4. Tá sé mar choinníoll fostaíochta d'aon mhúinteoir nach bhfuil cumas nó cruinneas sásúil Gaeilge aige/aici céimeanna a thógaint le feabhas a chur ar labhairt agus scríobh na teanga.
5. Ceapfar Múinteoir ar phost Dualgais Speisialta(nuair a fhaightear an cead ón Roinn Oideachais agus Scileanna) mar oifigeach gaeilge chun díriú ar fhorbairt na teanga sa scoil agus chun cabhrú le múinteoirí agus daltaí nua. Beidh sé mar chúram ar an múinteoir seo i dteannta leis an bPríomhoide agus an Bord Bainistíochta agus i gcomhairle leis an bhfoireann uile plean a dhréachtadh agus a chur faoi bhráid an Bhoird. Déanfar athbhreithniú ar an bplean sin go rialta. Lorgófar moltaí ó Choiste na dTuismitheoirí freisin.

Na Daltaí

1. Labhrófar an Ghaeilge i gcónaí sa scoil, sa chlós, ar thurasanna scoile agus le linn imeachtaí iarscoile.
2. Tuigtear gurb é an Béarla príomhtheanga baile formhór de na daltaí agus dá bhríi sin tabharfar deis do na daltaí a gcuid Gaeilge a úsáid i suíomhanna ilghnéitheacha lasmuigh d'am scoile - turasanna, cluichí, imeachtaí sóisialta (tráth na gceist, cuairteanna chuig gaelscoileanna eile) srl.
3. Cuirfear agallamh ar gach dalta nua a lorgaíonn áit sa scoil maraon leis na tuismitheoirí/caomhnóirí chun sainmheoin Ghaelach na Gaelscoile a mhíniú agus chun a ndearcadh agus dearcadh an Bhoird i leith na Gaeilge a roinnt. Beifear ag súil go bhfuil díochracht acu don Ghaeilge. (Feic Polasaí Iontrála)
4. Má chloistear dalta ag labhairt as Béarla **bíodh sé ina abairt iomlán as Béarla nó Béarla in úsáid de dheasca leisciúlacht:**

   (i) Cuirfear ainm an dalta i leabhar tuairiscí a choimeádfar sa seomra foirne agus tabharfar nóta don dalta sa dialann. Labhróidh an múinteoir a thug an nóta don dalta faoi riail na gaeilge agus an tábhacht atá leis.
   (ii) Má chloistear an dalta ag labhairt as Béarla arís labhróidh an múinteoir ranga leis an dalta. Cuirfear ainm an dalta sa leabhar tuairiscí arís. Tabharfaidh an múinteoir bileog ghlas don dalta agus glaofaidh an múinteoir ar na tuismitheoirí.
   iii) Má chloistear an dalta an tríú huair ag labhairt as Béarla tabharfaidh an múinteoir ranga an dara bhileog ghlas don dalta, glaofar isteach ar na tuismitheoirí agus cuirfear an t-ainm sa leabhar tuairiscí don triú huair. Míneofar do na tuismitheoirí go gcuirfear an dalta ar fionraí ar feadh lae amháin, má bheirtear air ag labhairt as Béarla arís.
   (iv)Tar éis sin má leanann an dalta ar aghaidh ag labhairt as Béarla cuirfear (ii) agus (iii) i bhfeidhm arís ach an uair seo beidh an dalta ar fionraí ar feadh trí lae.
   (v)Mura n-athraíonn dearcadh an dhalta i leith na gaeilge ag an bpointe seo pléifear an cás ag an mBord Bainistíochta agus iarrfar ar na tuismitheoirí smaoineamh ar scoil eile a fháil dá mac/iníon mar nach féidir leis an scoil seo freastal air/uirthi.
   (vi)Mura mbíonn réiteach ar an bhfadhb ag an bpointe seo, beidh ar an mBord Bainistíochta athbhreithniú a dhéanamh ar áit an Dalta i Meánscoil Gharman.
5. Cuirfear ranganna sa bhreis ar fáil do dhaltaí ó bhunscoileanna Béarla sa chéad téarma más féidir (ag braith ar acmhainní) agus beidh solúbthacht éigin i gcás an riail seo do dhaltaí nua (nach bhfuair a gcuid oideachais trí Ghaeilge sular tháinig siad go dtí Meánscoil Gharman) go dtí an briseadh meántéarma i Mí Dheireadh Fómhair chomh fada agus a fheictear go bhfuil iarracht mhaith a déanamh acu Gailge a labhairt agus a thuiscint..

Bainistíocht agus Riaracháin

1. Tá an Bord Bainistíochta freagrach as an Polasaí Gaeilge a chur i bhfeidhm.
2. Tá an Príomhoide freagrach i leith úsáid na gaeilge sa scoil.
3. Tá múinteoirí na scoile freagrach as cinntiú go bhfuil gaeilge in úsáid ina ranganna siúd agus sa scoil i gcoitinne.
4. Beidh gaeilge ag gach fostaí sa scoil. Labhrófar gaeilge le páistí agus le múinteoirí an t-am ar fad.. I gcás nach bhfuil gaeilge ar a t(h)oil ag aon fhostaí ní labhróidh sé/sí Béarla os comhair na ndaltaí. Tá dualgas ar chuile duine atá fostaithe ag an scoil spiorad sainiúil na scoile a chosaint agus gan an spiorad a shárú, a ísliú nó a dhíspeagadh in aon slí.
5. Feidhmeoidh an Bhord Bainistíochta trí mheán na Gaeilge ag brath ar ábaltacht na mball uile.
6. Glacfaidh an scoil páirt i bhféilte agus i gcomórtais Gaeilge agus Gaelacha.

Tuismitheoirí/Caomhnóirí

1. Tá sé fíorthábhachtach go bhfuil spéis dáiríre ag na tuismitheoirí sa Ghaeilge. Cuirfear tuismitheoirí faoi agallamh roimh chlárúchán a bpáiste chun sain mheoin Ghaelach na Gaelscoile agus meas air a mhíniú, chun a ndearcadh agus dearcadh an Bhoird i leith na Gaeilge a roinnt. Beifear ag súil go bhfuil tiomantas acu don Ghaeilge.
2. Iarrfar ar na tuismitheoirí / caomhnóirí conradh a shíniú:
    - ag glacadh le Polasaí Gaeilge
    - ag glacadh le Polasaí Iompair na scoile
    - ag cur in iúl go bhfuil siad ag glacadh leo
    - ag geallúint go míneoidh siad iad dá bpáistí agus
    - ag aithint na smachtbhannaí atá ann agus á nglacadh
3. Seo roinnt bealaí gur féidir le tuismitheoiri cabhrú agus tacú le hobair na scoile:
    - Gaeilge a úsáid chomh minic agus is féidir
    - Tacaíocht a thabhairt do riail na gaeilge sa scoil.
    - Feidhmeoidh Coiste na dTuismitheoirí trí mheán na gaeilge oiread agus is féidir.

IRISH LANGUAGE POLICY

Meanscoil Gharman is an all-Irish, Inter-denominational secondary school. The school's ethos is founded on values that seek to strengthen and inspire the Irish language through the school community. The ethos is Christian, friendly, caring, supportive, respectful, encouraging, welcoming, helpful and understanding and it asks the members of the school community to participate fully in the cultural, social and academic life of the school through the medium of Irish.

All-Irish School

(a) The school is a Gaelscoil where Irish is -
- the first Language of the school
- the language of business and communication
- the language of teaching and learning except in the case of English
- the language of interaction between teachers
- the language of interaction between the students and in every facet of the life of the school within or without the school itself

(b) Irish is to be spoken at all times in the school, in the yard, on school tours and during after school activities.

(c) The speaking of Irish is a central part of the school's behaviour policy. **It is through encouragement and inspiration that progress is made in the speaking of Irish - encouragement, praise, prizes, extra school trips, extra free time.** In the event that this is unsuccessful the steps as laid down in point 4 Students will be followed.

The Role of the Teachers

1. All subjects other than English are taught through the medium of Irish.
2. All explanations, clarifications and definitions of words, terminology etc are given in Irish (except in English class).
3. It is through good practice and the setting of a good example that students will accept the Irish Policy in the school. Therefore, teachers and all staff members are to be heard using Irish in all aspects of school life within and without the classroom, between themselves, with students, and with any adult who comes to the school.
4. It is a condition of employment for any teacher who has an unsatisfactory level of Irish (including accuracy) that they take steps to improve their written and spoken Irish.
5. A teacher will be employed at the level of Special Duties as an Irish Officer as soon as permission is granted by the Department of Education and Skills, to focus on the development of the language in the school. It will be the responsibility of this person along with the principal and the Board of Management and in consultation with the whole staff to draft a plan and to place it before the Board. This plan will be reviewed regularly. Suggestions regarding this will be sought from the Parents' Committee.

The Students

1. Irish is to be spoken at all times in the school, in the yard, on school tours and during after school activities.
2. It is understood that English is the main language at home for most of the students and therefore students will be given the opportunity to use their Irish in different situations outside of school time - tours, games, social events (e.g. table quizzes, visits to other Gaelscoileanna etc.)
3. Each student who looks for a place in the school will be interviewed along with his/her parents/guardians to explain the Irish ethos of Meánscoil Gharman and to discuss their attitude and the attitude of the parents/guardians towards Irish. It will be expected that they have a passion for Irish.
4. If a student is heard speaking English **whether it is a full sentence or simply being lazy about using Irish**
   i. The name of the student will be put in a report book to be kept in the staffroom and a note will be written in the student's journal. The teacher who gave him the note will speak to him about the Irish rule and it's importance
   ii. If the student is heard speaking English again, the class teacher will speak to the student who will then be given a green card. The class teacher will put the name of the student in the record book again and will phone the parents.
   iii. If the student is heard speaking English a third time, the class teacher will give the student a second green card, the parents will be called to the school and the name will be put in the record book for the third time. It will be explained to the parents that the student will be suspended for one day if found speaking English again.
   iv. After that if the student continues speaking English (ii) and (iii) above will be implemented again but this time the student will be suspended for three days.
   v. If the attitude of the student towards Irish does not change at this point the matter will be taken to the Board of Management and the parents will be asked to consider finding another school for their son/daughter as this school will not be able to meet their needs.
   vi. If the matter still remains unresolved, the Board of Management will have to reconsider the position of the student remaining in Meánscoil Gharman.
5. Extra classes will be provided, if possible, for students from English speaking primary schools in the first term, depending on available resources and a certain degree of flexibility with regard to 4 above will be

applied to new students (who have not received education through Isih prior to attending Meánscoil Gharman) until the mid-term break in October as long as they are seen to be making a real effort to speak and fully understand Irish.

Management and Administration

1. The Board of Management is responsible for the implementation of an Polasaí Gaeilge.
2. The Principal is responsible for the use of Irish in the school.
3. The teachers are responsible for ensuring that Irish is being spoken in the school generally.
4. Every school employee is expected to have Irish. Irish is to be spoken to students and teachers at all times. In the event that an employee does not have good Irish he/she will not speak English in front of students. Every person in the school community is expected to defend the schools defining spirit and should not break, belittle or undermine it.
5. The Board of Management will function through Irish depending on the ability of all its members.
6. The school will participate in Irish festivals and competitions.

Parents/Guardians.

1. It is essential that parents have a genuine interest in Irish. They will be interviewed before enrolment in order to explain the ethos of the school to them and to share their perspective, and the school's perspective with regard to Irish. It will be expected that they have a passion for Irish.

2. Before any child is enrolled as a student in the school parents/guardians will be asked to sign a contract:
   - accepting the Polasaí Gaeilge
   - accepting the Code of Discipline
   - confirming that they are accepting them
   - promising that they will explain them to their children and
   - acknowledging the sanctions in place and accepting them

3. These are some of the ways that parents can help and support the work of the school:
   - To use Irish as much as they possibly can at all times
   - Support the Irish Rule in the school
   - The Parents Committee will operate through the medium of Irish as far as possible.

✂- - - -